Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2025
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0199(NLE)**

14168/25
ADD 1

FISC 274
ECOFIN 1364
CH 50

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais<br>= Formheas<br>- Ráiteas ón gComhairle |

**Ráiteas ón gComhairle**

Is díol sásaimh don Aontas Eorpach gur bunaíodh creat le haghaidh cúnamh frithpháirteach maidir le haisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha idir na Ballstáit agus an Eilvéis. Is céim thábhachtach é sin chun leanúint den chomhar riaracháin seanbhunaithe idir na páirtithe i réimse an chánachais agus chun é a dhoimhniú. Tá an tAontas Eorpach ag súil go ndéanfaidh an Eilvéis gach beart is gá de mheon macánta chun a áirithiú go leathnófar an comhaontú seo chun cúnamh frithpháirteach a chumhdach chun éilimh chánach eile a aisghabháil. Mura mbainfear an cuspóir sin amach laistigh de 4 bliana ón 1 Eanáir tar éis an prótacal leasaitheach seo a shíniú, déanfaidh an tAontas Eorpach athmhachnamh ar chothromaíocht fhoriomlán an chomhaontaithe seo.